

*Dé Céadaoin, 29 Márta, 2006*  
*Wednesday, 29th March, 2006*

10.30 a.m.

---

**ORD GNÓ**  
**ORDER OF BUSINESS**

- 14.** Ráitis maidir leis an gComhairle Eorpach, An Bhruiséil.  
Statements on European Council, Brussels.
- 10.** An Bille um Cheartas Coiriúil 2004 — Tairiscint chun Treoir a Thabhairt don Choiste (*atógáil*).  
Criminal Justice Bill 2004 — Motion to Instruct the Committee (*resumed*).

**GNÓ COMHALTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA**  
**PRIVATE MEMBERS' BUSINESS**

- 30.** An Bille um Thrácht ar Bhóithre (Teileafónaíocht Shoghluaiste) 2006 — An Dara Céim (*atógáil*).  
Road Traffic (Mobile Telephony) Bill 2006 — Second Stage (*resumed*).

**ORDUITHE AN LAE  
ORDERS OF THE DAY**

*Tairiscint (atógáil):*

*Motion (resumed):*

**10. An Bille um Cheartas Coiriúil 2004 — Tairiscint chun Treoir a Thabhairt don Choiste (atógáil).**

Criminal Justice Bill 2004 — Motion to Instruct the Committee (*resumed*).

“D’ainneoin aon ní sna Buan-Orduithe, gur Treoir é don Roghchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan go bhfuil cumhacht aige foráil a dhéanamh sa Bhille um Cheartas Coiriúil 2004 i ndáil leis an méid seo a leanas:

— Achtanna na nArm Tine 1925 go 2000 lena n-áirítear méadú a dhéanamh ar fhíneálacha agus ar phionóis i gcoitinne i leith cionta arm tine, pianbhreitheanna íosta sainordaitheacha a chruthú le haghaidh cionta áirithe, pardún a thabhairt isteach i leith gunnaí agus leasuithe lena rialófar deonú deimhnithe arm tine;

— an *Explosives Act* 1875 chun foráil a dhéanamh maidir le cionta nua a bhaineann le tine ealaíne agus pionóis mhéadaithe;

— cionta a bhaineann le coireacht eagraithe lena n-áirítear cion arb é atá ann páirt a ghlacadh in aon ghníomhaíocht de chuid eagraíochta coiriúla, nó cabhair a thabhairt maidir leis an gcéanna, d’fhonn feabhas a chur ar chumas eagraíochta den sórt sin cion tromáí a dhéanamh nó a éascú cibé acu laistigh den Stát nó lasmuigh de, cion arb é atá ann cion a dhéanamh chun tairbhe d’eagraíocht choiriúil agus cion arb é atá ann comhcheilg chun cion tromáí a dhéanamh;

— an tAcht um Mí-Úsáid Drugaí 1977 d’fhonn na forálacha láithreacha a neartú i dtaca le pianbhreith a ghearradh maidir le cionta gáinneála ar dhrugaí, cion nua a chruthú arb é atá ann drugaí ar €13,000 nó níos mó a luach a allmhairiú, agus cion nua arb é atá ann drugaí a sholáthar do phríosúin;

— ceanglas, ar mhaithe le leas an phobail, lena mbeidh oibleagáid ar dhaoine a chiontaítear ar díotáil i gcionta áirithe gáinneála ar dhrugaí faisnéis áirithe a chur in iúl don Gharda Síochána;

That, notwithstanding anything in Standing Orders, it be an Instruction to the Select Committee on Justice, Equality, Defence and Women’s Rights that it has power to make provision in the Criminal Justice Bill 2004 in relation to:

— the Firearms Acts 1925 to 2000 including increasing fines and penalties generally for firearm offences, creating mandatory minimum sentences for certain offences, introduction of a gun amnesty and amendments governing the grant of firearm certificates;

— the Explosives Act 1875 to provide for new offences relating to fireworks and increased penalties;

— offences relating to organised crime including an offence of participating or contributing to any activity of a criminal organisation for the purpose of enhancing the ability of such an organisation to commit or facilitate a serious offence whether inside or outside the State, an offence of committing an offence for the benefit of a criminal organisation and an offence of conspiracy to commit a serious offence;

— the Misuse of Drugs Act 1977 in order to strengthen the existing sentencing provisions for drug trafficking offences, create a new offence of importation of drugs with a value of €13,000 or more, and a new offence of supplying drugs to prisons;

— a requirement in the interests of the common good, obliging persons convicted on indictment of certain drug trafficking offences to notify certain information to the Garda Síochána;

- pianbhreith a ghearradh lena n-áirítear bonn reachtúil le haghaidh pianbhreitheanna fionraithe nó páirtfhionraithe, fíneáil a fhorchur agus pianbhreith a iarchur, orduithe maidir le srian le gluaiseacht agus faireachán leictreonach ar chiontóirí;
- imeachtaí sibhialta i ndáil le hiompar frithshóisialta ag aosaigh;
- Acht na Leanaí 2001 chun foráil a dhéanamh maidir le himeachtaí sibhialta i ndáil le hiompar frithshóisialta ag leanaí atá 12 bhliain d'aois nó os a chionn agus maidir le nithe eile a bhaineann le ceartas ógánach, lena n-áirítear leasuithe chun éascaíocht a dhéanamh i leith freagracht as soláthar agus oibriú scoileanna coinneála leanaí a aistriú ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;
- comhlacht a bhunú ar a dtabharfar an Coiste Comhairleach um Chódú an Dlí Choiriúil chun comhairle a thabhairt maidir le cód coiriúil a tharraingt suas agus chun faireachán a dhéanamh ar chur i gníomh an chóid sin;
- cion nua arb é atá ann earra a shealbhú atá beartaithe lena úsáid i dtaca le cionta áirithe;
- alt 19 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994 d'fhonn leathnú a dhéanamh ar an gcion láithreach arb é atá ann ionsaí a dhéanamh, nó bagairt ionsaí a dhéanamh, ar oifigeach síochána le go mbeidh pearsanra liachta san áireamh;
- an tAcht um Cheartas Coiriúil (Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta) 2000 chun soiléiriú a dhéanamh ar an míniú ar 'céastóireacht' mar a mhínítear san Acht sin;
- Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) 1961 chun soiléiriú a dhéanamh i dtaca le breitheamh cúirte dúiche a bheith in ann a chumhachtaí nó a cumhachtaí a fheidhmiú aon áit sa Stát i ndáil lena dhúiche nó lena dúiche.
- sentencing including creating a statutory basis for suspended or partially suspended sentences, imposition of a fine and deferral of sentence, restriction on movement orders and electronic monitoring of offenders;
- civil proceedings in relation to anti-social behaviour by adults;
- the Children Act 2001 to provide for civil proceedings in relation to anti-social behaviour by children aged 12 or over and other juvenile justice matters, including amendments to facilitate the transfer of responsibility for the provision and operation of children detention schools from the Department of Education and Science to the Department of Justice, Equality and Law Reform;
- the establishment of a body to be known as the Criminal Law Codification Advisory Committee to advise on the drawing up of a criminal code and monitor its implementation;
- a new offence of possession of an article intended for use in connection with certain offences;
- section 19 of the Criminal Justice (Public Order) Act 1994 in order to expand the existing offence of assaulting or threatening to assault a peace officer to include medical personnel;
- the Criminal Justice (United Nations Convention against Torture) Act 2000 to clarify the meaning of 'torture' as defined in that Act;
- the Courts (Supplemental Provisions) Act 1961 to clarify that a district court judge may exercise his or her powers in relation to his or her district anywhere in the State."

— *An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí*

14. Ráitis maidir leis an gComhairle Eorpach, An Bhruiséil.  
Statements on European Council, Brussels.

---

**GNÓ COMHALTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA**  
**PRIVATE MEMBERS' BUSINESS**

*Bille (atógáil) (1 ur. 30 n. fágtha):*

*Bill (resumed) (1 hr. 30 m. remaining):*

30. An Bille um Thrácht ar Bhóithre (Teileafónaíocht Shoghluaiste) 2006 — An Dara Céim (*atógáil*).  
Road Traffic (Mobile Telephony) Bill 2006 — Second Stage (*resumed*).  
— *Olivia Mitchell.*

---

**MEMORANDA**

*Dé Céadaoin, 29 Márta, 2006*

*Wednesday, 29th March, 2006*

**Meastacháin (Oifig an Aire Leanaí):**

**Estimates (Office of the Minister for Children):**

Cruinniú den Roghchoiste um Shláinte agus Leanaí i Seomra Coiste 2, TL2000, ar 9.30 a.m.

Meeting of the Select Committee on Health and Children in Committee Room 2, LH2000, at 9.30 a.m.

---

Cruinniú den Chomhchoiste um Ghnóthaí Eorpacha i Seomra Coiste 3, TL2000, ar 12 meán lae.

Meeting of the Joint Committee on European Affairs in Committee Room 3, LH2000, at 12 noon.

---

Cruinniú den Chomhchoiste um Chomhshaol agus Rialtas Áitiúil i Seomra Coiste 3, TL2000, ar 2.30 p.m.

Meeting of the Joint Committee on the Environment and Local Government in Committee Room 3, LH2000, at 2.30 p.m.

---

Cruinniú den Chomhchoiste um Sheirbhísí an Tí i Seomra Coiste 1, TL2000, ar 4 p.m. (*príobháideach*).

Meeting of the Joint House Services Committee in Committee Room 1, LH2000, at 4 p.m. (*private*).

---

Cruinniú den Comhchoiste um Ghnóthaí Ealaíon, Spóirt, Turasóireachta, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i Seomra Coiste 2, TL2000, ar 4.15 p.m.

Meeting of the Joint Committee on Arts, Sport, Tourism, Community, Rural and Gaeltacht Affairs in Committee Room 2, LH2000, at 4.15 p.m.

---

Cruinniú den Choiste um Nós Imeachta agus Pribhléidí i Seomra 2 (tríd an bPríomh-Halla), Teach Laighean, ar 5 p.m. (*príobháideach*).

Meeting of the Committee on Procedure and Privileges in Room 2 (off the Main Hall), Leinster House, at 5 p.m. (*private*).

---

**SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA DÁLA**  
**DOCUMENTS LAID BEFORE THE DÁIL**

*Reachtúil:*

- 1) Cuntais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus an Bhanna don bhliain 2001.
- 2) Cuntais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus an Bhanna don bhliain 2002.
- 3) Cuntais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus an Bhanna don bhliain 2003.
- 4) Cuntais an Chiste Cosanta Taistealaithe agus an Bhanna don bhliain 2004.
- 5) Ráitis i leith Comhairleoirí Speisialta don Tánaiste agus Aire Sláinte agus Leanaí de réir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 [2005] [28 Marta 2006].

*Neamhreachtúil:*

- 1) An Chomhairle Eorpach, An Bhruiséil, 23/24 Márta, 2006. Tátail na hUachtaránachta.
- 2) Tithe An Oireachtais. An Comhchoiste um Iompar. Tuarascáil Bhliantúil, 2005 agus Clár Oibre, 2006. Márta, 2006.
- 3) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Iompar. Tuarascáil Bhliantúil, 2005 agus Clár Oibre, 2006. Márta 2006.

*Statutory:*

- 1) Travellers' Protection Fund and Bond Accounts for year 2001.
- 2) Travellers' Protection Fund and Bond Accounts for year 2002.
- 3) Travellers' Protection Fund and Bond Accounts for year 2003.
- 4) Travellers' Protection Fund and Bond Accounts for year 2004.
- 5) Statements in respect of Special Advisers to An Tánaiste and Minister for Health and Children in accordance with the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001 [2005] [28 March 2006].

*Non-Statutory:*

- 1) European Council, Brussels, 23/24 March, 2006. Presidency Conclusions.
- 2) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Transport. Annual Report, 2005 and Work Programme, 2006. March, 2006.
- 3) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Transport. Annual Report, 2005 and Work Programme, 2006. March 2006.